# National Museum of Ireland

## Report 2009




museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Our Purpose is to:

Collect, preserve, promote and exhibit all examples of Ireland's portable material heritage and natural history.

Interpret and promote the collections and make them accessible to audiences at home and abroad.

Be the authoritative voice on the relevant aspects of Irish heritage, culture and natural history.

Maintain the lead role in education, research and scholarship pertaining to the collections and their contexts.

First Published in 2010
by National Museum of Ireland, Dublin.

© National Museum of Ireland.

ISSN 1649 0339.

All rights reserved. No part of this publication may be copied, reproduced, stored in a retrieval system, broadcast or transmitted in any form or by any means, electronic, mechanical, photocopying, recording or other-wise without the prior permission in writing from the publishers.

The National Museum or Ireland - Decorative Arts & History, Collins Barracks, Benburb St. Dublin 7.

The National Museum or Ireland - Archaeology, Kildare St. Dublin 2.

The National Museum or Ireland - Natural History, Merrion St. Dublin 2.

The National Museum or Ireland - Country Life, Turlough Park, Castlebar, Co. Mayo.

Telephone: +353 677 7444
Email: info@museum.ie
Website: www.museum.ie

Front Cover: Collections Resource Centre, Swords, drawing by Darko Vukšić.

# National Museum of Ireland

## Report 2009

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

# Contents

Message from the Chairman of the Board,
National Museum of Ireland ..... 2

Introduction by the Director,
National Museum of Ireland ..... 6

**Collections**

Art and Industry ..... 10
Irish Antiquities ..... 14
Irish Folklife ..... 19
Natural History ..... 22
Conservation ..... 26
Registration ..... 30

**Services**

Marketing ..... 32
Education and Outreach ..... 36
Photography ..... 40
Design ..... 42
Facilities (Accommodation and Security) ..... 44

**Administration**

General ..... 45
Financial Management ..... 45
Human Resource Management ..... 45
Information Communications
Technology (ICT) ..... 46
Report of the Comptroller and
Auditor General ..... 52
Financial Statements for the period
1st January 2009- 31st December 2009 ..... 56
**Publications by Museum Staff** ..... 90
**Board of The National Museum of Ireland** ..... 93
**Staff Directory** ..... 94

# Clár

Teachtaireacht ó Chathaoirleach,
Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann ... 4

Réamhrá ó Stiúrthóir,
Ard-Mhúsaem na hÉireann ... 8

**Bailiúcháin**

Ealaíon agus Tionscal ... 12
Seaniarsmaí Éireann ... 17
Saol Tíre Éireann ... 21
Stair an Dúlra ... 24
Caomhantas ... 28
Clárúchán ... 31

**Seirbhísí**

Margaíocht ... 34
Oideachas agus For-rochtain ... 38
Grianghrafacht ... 41
Dearadh ... 43
Áiseanna (Cóiríocht agus Slándáil) ... 44

**Riarachán**

Ginearálta ... 48
Bainistíocht Airgeadais ... 48
Bainistíocht Acmhainní Daonna ... 48
Teicneolaíochtaí Faisnéise
Cumarsáide (TFC) ... 50
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas
agus Ciste ... 54
Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanáir
2009 – 31ú Nollaig 2009 ... 57

**Foilseacháin Fhoireann an Mhúsaeim** ... 90
**Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann** ... 93
**Eolaire Foirne** ... 94

# Message from the Chairman, Board of the National Museum of Ireland

2009 was a year of continued keen and intense work by the Board of the National Museum of Ireland. In accordance with the downturn in the international and national economies and the corresponding financial constraints across all government departments, the National Museum had to address a reduction in its overall allocation from the Department of Arts, Sport and Tourism. I am pleased, however, to advise that the challenges posed by such budgetary constraints were addressed and overcome in an entirely satisfactory manner.

One of the major issues that confronted the Board over the past year was that of storage facility. This arose particularly as a consequence of the Comptroller & Auditor General's Report No.62 in 2008. Intensive research and investigations were carried out to address the question of securing a new storage facility that would cater for all museum storage requirements for many years to come. In this regard, constructive negotiations with the Department of Arts, Sport and Tourism and Office of Public Works continued over the early part of the year leading ultimately to the acquisition of a major new facility at Swords. The Board, rigorously addressed and considered the details of this major step and the Chairman, on behalf of the Board, engaged intensively and comprehensively with the Office of Public Works in relation to the acquisition and lease arrangements for this major facility. The legal formalities in relation to the execution of the transaction were finalised on December 8th 2009.

Many of the concerns raised by the Comptroller & Auditor General's Report of 2008 can now be addressed once the National Museum occupies this facility in 2010. The Department of the Environment, Heritage and Local Government has contracted to occupy 14% of the space at Swords and the Board confirms that all formalities in relation to the latter have also been finalised.

A significant opportunity arises at this time in terms of de-accessioning as a consequence of the new storage arrangements and it is the intention of the National Museum to avail of such opportunity in early course.

Throughout the past year great work has been done and progress achieved on the *Asgard* restoration project.

Some very interesting exhibitions were opened during the past year including P*lanet Earth: Our Place in Space*; *Straw, Hay and Rushes*, *Common Threads* and the *Moylough Belt Shrine*. Two of the Museum's temporary exhibitions proved very popular with other museums. *Come Back to Erin – Irish travel posters of the 20th century* which was exhibited at Collins Barracks over the Summer went on exhibition to Iceland. *Down Memory Lane – Childhood in the 1950s* was exhibited in Fermanagh County Museum.

On September 3rd 2009, the Charles J. Haughey Library was officially opened by the Minister for State at the Department of Enterprise, Trade and Employment, Mr Darragh Calleary TD, at the National Museum of Ireland-Country Life, Castlebar in the presence of the Haughey family. The event which marked the gift of in excess of three thousand eight hundred books from the Haughey family was very well attended and received. President Mary McAleese opened a very exciting exhibition on Count John McCormack on September 14th 2009 at Collins Barracks. This exhibition stimulated widespread interest and was very well attended.

Great work continued to be done by the Board throughout the year to ensure that the National Museum, Ireland's premier national cultural institution, was on the soundest structural basis and firmest footing in terms of the Board's internal

workings and compliance with all statutory obligations and all provisions of corporate governance. The Board is confident that it has put in place structures and arrangements that will ensure effectiveness and efficiency in terms of the governance of the National Museum going forward.

Visitor numbers have fared very well in 2009 notwithstanding that the Natural History Museum remained closed throughout the year for necessary restoration works which are now at a very advanced stage and this very much loved museum will reopen in early 2010.

The Board is encouraged by the positive feedback from visitor experience to the Museum. Technology is now becoming more and more part of the important role that the National Museum is executing in discharging its duties of maintaining, protecting, preserving, recording and researching the collection of museum heritage objects for the benefit of the public so as to increase and diffuse, inside and outside the State, the functions and purpose of the National Museum including in terms of information, education and outreach.

The Board has done excellent work in addressing the question of the unimplemented parts of the National Cultural Institutions Act, 1997 and in relation to the question of the implementation of the same. I am delighted to report that the Board has discharged its duties and functions to the highest standard over the past year and since its inception thereby ensuring that the National Museum is in an extremely strong position going forward. What remains to be done is to build on that powerful foundation.

I would wish to thank Mr Con Haugh, Secretary General and the Department of Arts, Sport and Tourism for the great work that they have done in co-operation with the National Museum and I would also wish to thank Ms Susan McGrath of the Department for her great service as a member of the Board. I would also wish to thank the Office of Public Works for its continuing work and commitment to the National Museum throughout the past year.

I also wish to thank the Director of the National Museum, Dr Pat Wallace, and his staff for the fine work that they continued to do throughout the past year. In this regard, I would also wish to express thanks to Ms Aoife McBride, Secretary to the Board.

Finally, I wish to thank all members of the Board of the National Museum for the outstanding work that they have done over the past twelve months and which they continue to do with vigour, enthusiasm and great effect.

The work of the Board of the National Museum has been thorough, vigorous and extremely effective and has positioned this great institution in a powerful position as it faces the challenges of the future.

Ar aghaidh leis an obair

Dr John O' Mahony SC
Chairman
31st December 2009

# Teachtaireacht ó Chathaoirleach, Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann

Bliain oibre leanúnaí díocasaí agus dian ab ea 2009 do Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann. De réir an mheathlaithe sna geilleagair idirnáisiúnta agus náisiúnta agus na srianta comhfhreagracha airgeadais thar na ranna rialtais go léir, bhí ar Ard-Mhúsaem na hÉireann díriú ar laghdú a chionnroinnte foriomláine ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Is breá liom áfach a chur in iúl gur díríodh ar na dúshláin ag eascairt as an srianta buiséadacha sin agus sáraíodh iad ar bhealach sásúil ar fad.

Ceann des na príomhcheisteanna a bhí in éadan an Bhoird thar na bliana deireanaí ná áis stórála. D'eascair sé seo go háirithe mar thoradh ar Thuarascáil Uimh. 62 an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste i 2008. Deineadh taighde agus imscrúdú géar chun díriú ar an gceist faoi bhaint amach áise nua stórála a shásfadh riachtanais stórála uile an Mhúsaeim ar feadh mórán blianta amach romhainn. Maidir le seo lean caibidlíocht chuidiúil ar aghaidh thar an chéad chuid den bhliain leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus le Oifig na nOibreacha Poiblí agus de bharr sin baineadh amach faoi dheireadh príomháis nua ag Sord. Dhírigh an Bord go díograsach ar shonraí na príomhchéime seo agus bhreithnigh sé iad agus ghabh an Cathaoirleach thar ceann an Bhoird go díocasach agus go cuimsitheach le Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le gnóthú agus na socruithe léasa don phríomháis seo. Críochníodh na foirmeáltachtaí dlíthiúla maidir le forghníomhú an idirbhearta ar an 8ú Nollaig 2009.

Is féidir díriú anois ar a lán des na cúraimí a luaigh Tuarascáil an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste i 2008 nuair atá an tArd-Músaem lonnaithe san áis seo i 2010. Rinne an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil conradh le 14% den spás ag Sord a áitiú agus dearbhaíonn an Bord go bhfuil na foirmeálacha go léir maidir le sin críochnaithe chomh maith. Éiríonn deis shuntasach ag an am seo maidir le dírochtain de bharr na socruithe stóráile nua agus tá sé ar intinn an Ard-Mhúsaeim deis mar seo a ghlacadh go luath.

Rinneadh sárobair agus tháinig dul chun cinn i rith na bliana deireanaí ar thionscadal athchóirithe an *Ascair*.

Osclaíodh roinnt taispeántas an-shuimiúla i rith na bliana deireanaí le *An Domhain: Ár Suíomh sa Spás*; *Tuí, Féar agus Luachra*; *Common Threads* agus *Scrín Creasa Mhaigh Locha* san áireamh. Ba mhór ar fad iad le músaeim eile dhá thaispeántas sealadach an Mhúsaeim. *Filleadh ar Éirinn: póstaeir taistil na 20ú aoise* a taispeánadh ag Dún Uí Choilleáin thar an tSamhraidh agus a chuaigh ar taispeáint go dtí an Íoslainn. Taispeánadh *Síos Bóithrín na Smaointe – An Óige sna 1950idí* i Mhúsaem Contae Fhear Manach.

D'oscail an tAire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tUas. Darragh Calleary T.D. Leabharlann Chathal J. Uí hEochaidh go hoifigiúil ar an 3ú Meán Fómhair 2009 ag Ard-Mhúsaem na hEireann- Saol na Tuaithe ag Caisleán an Bharraigh i dteannta clainne Uí hEochaidh. Bhí freastal an-mhaith ag an ócáid a shonraigh an brontannas de níos mó ná trí mhíle ocht gcéad leabhar ó chlann Uí hEochaidh agus fáiltíodh go mór roimpi. D'oscail an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa taispeántas an-chorraitheach ar Chunta Seán MacCormac ar an 14ú Meán Fómhair 2009 ag Dún Uí Choilleáin. Spreag an taispeántas seo suim leathan agus bhí freastal an-mhaith air.

Lean an Bord ar aghaidh ag déanamh sároibre i rith na bliana chun a chinntiú go raibh an t-Ard-Mhúsaem, príomhinstitiúd chultúrtha náisiúnta na hÉireann, ar an bunús struchtúrach ba fhónta agus ar an mbonn ba dhaingne ó thaobh

oibrithe inmheánaigh an Bhoird de agus de réir oibleagáidí reachtúla agus forálacha uilig rialachais chorparáidigh. Tá an Bord sásta gur chuir sé i bhfeidhm struchtúir agus socruithe a chinnteoidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht ó thaobh rialachais an Ard-Mhúsaeim de ag dul ar aghaidh.

D'éirigh go han-mhaith le líon na gcuairteoirí i 2009 cé gur fhan Músaem Stair an Dúlra dúnta i rith na bliana d'oibreacha athchóirithe riachtanacha atá anois ag pointe go mór chun tosaigh agus athosclófar an músaem seo a bhfuil grá fíormhór dó go luath i 2010.

Tá an Bord spreagtha ón aiseolas dearfach ó eispéireas na gcuairteoirí sa Mhúsaem. Glacann an teicneolaíocht páirt mhéadaitheach sa ról tábhachtach sin atá an tArd-mhúsaem i mbun agus é ag comhlíonadh a chuid dualgas de chothú, de chosaint, de chaomhnú, de thaifead agus de thaighde an bhailiúcháin de réad oidhreachta an Mhúsaeim ar leas an phobail chun cur le feidhmeanna agus cuspóir an Ard-Mhúsaeim ó thaobh eolais, oideachais agus fhor-rochtana de agus chun iad a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den Stát araon.

Rinne an Bord obair ar fheabhas ar dhíriú ar an gceist faoi na codanna den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997 nach bhfuil curtha i bhfeidhm agus maidir leis an gceist faoi iad a chur i bhfeidhm. Tá áthas orm a chur in iúl gur chomhlíon an Bord a chuid dualgais agus feidhmeanna ar an gcaighdeán is airde thar an bhliain dheireanach agus óna thús ar aghaidh, ag cinntiú mar sin go bhfuil an tArd-Mhúsaem in áit fíorláidir agus é ag dul ar aghaidh. Rud atá fós le déanamh ná tógáil ar an mbunús cumhachtach seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uas. Con Haugh, Ard-Rúnaí agus leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta as ucht na sároibre a rinne siad i gcomhoibriú leis an Ard-Mhúsaem agus ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Ms Susan Nic Craith ón Roinn as ucht a seirbhíse móire mar bhall den Bhord. Ba mhian liom freisin buíochas a ghabháil le Oifig na nOibreacha Poiblí as ucht a h-oibre leanúnaí agus a tiomantais don Ard-Mhúsaem i rith na bliana deireanaí.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Stiúrthóir an Ard-Mhúsaem, Dr Pat Wallace, agus lena fhoireann as ucht na dea-oibre a lean siad ar aghaidh ag déanamh i rith na bliana deireanaí.
Sa chomhthéacs seo ba mhian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Ms Aoife McBride, Rúnaí don Bhord.

Faoi dheireadh is mian liom buíochas a ghabháil leis an baill uilig de Bhord an Ard-Mhúsaem as ucht na sároibre a rinne siad thar an dá mhí déag dheireanach agus atá siad fós ag déanamh le spiorad, le díograis agus go n-an-éifeachtach.

Bhí obair Bhord an Ard-Mhúsaeim go críochnúil, go spreacúil agus go sár-éifeachtach agus lonnaigh sí an institiúd mór le rá seo in áit chumhachtach agus í ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin na todhchaí.

Ar aghaidh leis an obair

Dr John O'Mahony S.C.
Cathaoirleach
31ú Nollaig 2009

# Introduction by the Director, National Museum of Ireland

By outlining shortcomings of the National Museum particularly in regard to storage facilities and standards and by underlining the Museum's need to fully inventorise its extensive collections in his Report for 2008, the Comptroller and Auditor General has contributed to a momentous improvement at the National Museum. While for many years focussed on buildings and the creation of exhibitions and visitor facilities at our four sites which resulted in our attracting over one million visitors for the first time in 2007, knowingly we postponed some more immediate domestic requirements. The C&AG's Report was brought before the Public Accounts Committee of Dáil Éireann in July 2008 at which the Secretary General of the Department of Arts, Sport and Tourism and myself made statements and arising from which the PAC made strong recommendations.

Thanks to the Minister and staff at the Department of Arts, Sport and Tourism and the Office of Public Works, 2009 saw the award to the National Museum of a Collections Resource Centre which will cater for the Museum's storage needs in centralised and accessible safety way long into the future. This has been the culmination of many years work on storage requirements and indeed the dream of other directors and staff over the decades. My profound thanks to all the colleagues and associates who helped the Museum achieve this milestone in its development, particularly our Head of Services Seamus Lynam, who with the signing of the Lease in December brought home our new NMI Collections Resource Centre. Of course, the job has only started and we now embark hopefully but enthusiastically to bring the centre to fruition. It won't be done overnight. A corner has been turned and I salute my colleagues for their belief, commitment, restraint and discipline.

The listing and documentation of the collections finally got underway in 2009. Managed from the Registration Department a total of 117,500 objects were validated in 2009.

The principal exhibition success story of the year was *The Dead Zoo at Large- Treasures of the Natural History Museum* in the Riding School, Collins Barracks. This extremely popular digest of our Natural History collections properly included a long overdue preview of the geology collection which served to remind visitors of the need to define and address the display of this material at the National Museum. This material was meant to have gone on display (along with Ethnography and Irish History) in the second phase of the Museum's development at Collins Barracks as part of the National Development Plan, though with the current economic recession this has had to be postponed. It will however be shovel-ready for realisation should there be any improvement in circumstances. Incidentally, the Natural History Museum exhibition at Collins Barracks fittingly featured a module on lunar geology and exploration, in commemoration of the 40th anniversary of the famous Apollo mission.

Other exhibitions commemorated Count John Mc Cormack (inaugurated by President Mary Mc Aleese) at Collins Barracks and *Straw, Hay and Rushes* at the National Museum of Ireland – Country Life. The Education Department put on a display of a soldiers life in a barrack room and a pair of exhibitions on Currachs and travel posters were mounted in Iceland.

I wish to warmly thank Mrs Maureen Haughey and her family for their generous gift to the National Museum of the library of the late Charles J. Haughey and for other items including a bust of Seán Lemass.

The Museum was proud to have been the beneficiary of brilliant and painstaking

*John McCormack: The life and times of a famous tenor*, National Museum of Ireland – Decorative Arts & History



detective work by the Gardaí at Strokestown, Co. Roscommon and Dublin of an Early Bronze Age gold lunula and a pair of gold sun discs. If these are proven to be of the same hoard they will be unique in archaeological science and of major European significance. The Irish Antiquities Division also acquired a 12th century processional cross from Mahoonagh, Co. Limerick and witnessed the completion at the year's end of the Conservation Laboratory's programme on the twelve hundred year old book of Psalms from Faddan More, Co. Tipperary. This great discovery will feature in a display now being planned for Kildare St. My thanks to John Gillis for his dedicated and innovative work on the Psalter and to the Librarian of Trinity College, Dublin for allowing us to employ him in our laboratory for the duration of the programme.

The year's end saw the accidental burning of St Mell's Cathedral, Longford and the destruction of the diocesan museum. The National Museum Conservation and Irish Antiquities Departments are proud to have been present for the retrieval and consequent conservation of the relevant treasures.

Patrick F. Wallace
Director
31st December 2009

# Réamhrá ó Stiúrthóir, Ard-Mhúsaem na hÉireann

Chuir an an tArdReachtaire Cuntas agus Ciste le athrú ollmhór ag an Ard-Mhúsaem tré lochtanna an Ard-Mhúsaeim a imlíniú go háirithe maidir le áiseanna stórála agus le caighdeáin agus tré béim a chur ar an gá atá ag an Músaem le fardal a thógáil go hiomlán ar a chuid bailiúcháin fhairsinge ina Thuarascáil do 2008. Fad is a dhíríomar ar feadh alán blianta ar fhoirgnimh agus ar chruthú taispeántas agus ar áiseanna cuairteoirí ag ár gceithre láithreán, as a tháinig mealladh de níos mó ná milliún cuairteoir i 2007, chuireamar ar ceal go comhfiosach roinnt des na riachtanais tí láithreacha. Cuireadh Tuarascáil an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Choiste um Chuntais Phoiblí de Dháil Éireann i Iúil 2008 agus ar an ócáid sin rinne Ard-Rúnaí na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus mé féin ráitis; ag eascairt as sin rinne an Coiste um Chuntais Phoiblí moltaí tréana.

De bharr díchill an Aire agus na foirne ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí agus go háirithe na hArd-Rúnaithe, bronnadh Lárionad Achmainne Bailiúchán i 2009 ar an Ard-Mhúsaem a fhreastalaíonn ar riachtanais stórála an Mhúsaeim ar bhealach slán lárnaithe agus inaimsithe go fada sa todhchaí. Sé seo buaic a lán blianta d'obair ar riachtanais stórála agus ar ndóigh brionglóid a lán Stiúrthóirí agus fostaithe thar na deichniúir. Gabhaim mo bhuíochas domhain leis na comhoibrithe agus na comhpháirtithe a chabhraidh leis an Músaem an chloch mhíle seo a bhaint amach ina chuid forbartha, go háirithe ár gCeannasaí Seirbhíse Seamus Lynam, a thóg abhaile ár Lárionad Acmhainní Bailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann le síniú an léasa i Nollaig. Go deimhin níl an job ach tosaithe agus tugaimid faoi go dóchasach agus go fonnmhar an lárionad a thabhairt i gcrích. Ní dhéanfar é thar oíche. Chuamar thar chúinne agus beannaím mo chuid comhoibrithe de bharr ucht a gcreidimh, a dtiomantais, a sriain agus a smachta.

Chuathas faoi dheireadh thiar thall i mbun liostaithe agus doiciméadaithe na mbailiúchán i 2009. Faoi bhainistíocht na Roinne Cláraithe bailíochtadh 117,500 réad ar iomlán i 2009.

Bé príomhrath taispeántais na bliana ná *The Dead Zoo at Large – Seoda Mhúsaem Stair An Dúlra* sa Scoil Mharcaíochta, Dún Uí Choilleáin. Chuimsigh an achoimre ar a bhfuil sáréileamh uirthi dár mbailiúcháin Stair an Dúlra mar ba chóir réamhthaispeántas den bhailiúchán geolaíochta a bhí go mór thar téarma agus a chuir i gcuimhne do chuairteoirí an gá le léiriú an ábhair seo ag an Ard-Mhúsaem a shainmhíniú agus díriú air dáiríre. Bhí an t-ábhar seo le bheith á léiriú (i dteannta le Eitneagrafaíocht agus Stair na hÉireann) i dtréimhse a dó d'fhorbairt an Mhúsaeim ag Dún Uí Choilleáin mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, ach bhí orainn é seo a chur siar leis an meathlú geilleagrach faoi láthair. Beidh sé réidh áfach go sluaisteach le gníomhú má tharlaíonn feabhsú sna himthosca. Dála an scéil, chuimsigh taispeántas Mhúsaem Stair an Dúlra ag Dún Uí Choilleáin go feiliúnach modúl ar gheolaíocht agus ar thaiscealaíocht ghealaí ag comóradh lá cothrom 40 bhliain ón misean cáiliúil Apollo.

Chomóraidh taispeántais eile Cunta John Mc Cormack (a thionscain Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa) ag Dún Uí Choilleáin agus *Tuí, Féar agus Luachra* ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe. Chuir an Rannóg Oideachais léiriú ar siúl de shaol shaighdiúra i seomra beairice agus cóiríodh péire taispeántas ar Churacha agus ar phóstaeir thaistil san Íoslainn.

Ba mhaith liom mo fhíorbhuíochas a ghabháil le Maureen Bean Uí hEochaidh agus lena clann as ucht a mbronntanais fhlaithiúil leabharlainne Chathal J. Uí hEochaidh nach maireann don Ard-Mhúsaem agus as ucht míreanna eile le bráidealbh Sheán Lemass san áireamh.

Tá an Músaem bródúil as leas a bhaint as obair bhleachtaireachta iontach agus dhícheallach na nGardaí ag Béal na mBuillí, Co. Ros Comáin agus i mBaile Átha Cliath i leith luanla óir na Cré-umhaoise Luaithe agus péire de dhioscaí óra na gréine. Má cruthófar gur ón dtaisce chéanna iad beidh siad go huathúil san eolaíocht sheandálaíochta agus de shuntasacht mhór Eorpach. Fuair Rannóg Seaniarsmaí Éireann cros mórshúil ón 12ú aois ó Mhaigh Thamhnach, Co. Luimní freisin agus d'fhianaigh sí críochnú chlár na Saotharlainne Caomhnaithe ar an leabhar Salm atá dhá chéad bliain d'aois ón Fheadán Mór, Co. Thiobrad Árainn ag deireadh na bliana. Beidh an fhionnachtain mhór seo páirteach i léiriú a phleanáiltear anois do Shráid Chill Dara. Mo bhuíochas le John Gillis as ucht a chuid oibre dílse agus nuálaí ar an tSaltair agus do Leabharlannaí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as ucht é a thabhairt ar iasacht dár saotharlann ar feadh tréimhse an chláir.

Chonaic deireadh na bliana loscadh tionóisceach Ardeaglaise Naoimh Mel, An Longfort agus scrios an mhúsaeim dheoise. Tá na ranna Caomhnú agus Seaniarsmaí Éireann bródúil as a bheith taréis bheith i láthair d'aisghabháil agus do chaomhnú iarmhartach na gcistí ábhartha.

Patrick F. Wallace
Stiúrthóir
31ú Nollaig 2009

# Art and Industry

The Art and Industrial Division is responsible for over a quarter of a million artefacts reflecting Irish economic, social, industrial, political and military history over the last four centuries. In addition the staff care for collections of Irish, European and Asian decorative arts, which give an understanding of oriental design and culture as they relate to Ireland.

No major exhibitions were undertaken in 2009 but nevertheless it was a busy and productive year. The first phase of the Furniture Gallery refurbishment got under way and was virtually completed by the end of the year. *The Way We Wore: 250 Years of Irish Clothing and Jewellery* exhibition had minor improvements carried out and a new and very substantial case was also purchased for this exhibition. The exhibition *Soldiers and Chiefs: The Irish at War at Home and Abroad, 1550-2001* was augmented by a maritime section and won the award for Best Exhibition at the *Museum of the Year Award* in June. The only new exhibition was that devoted to the famous tenor John McCormack, *John McCormack: The life and times of a famous tenor*. This was a small project but proved to be extremely popular. It was opened in September by President Mary McAleese. Smaller exhibitions opened during the year included, partial revamp of *The Way We Wore* exhibition; a display of Harry Clarke's 'The Unhappy Judas' (1913) and contemporary stained glass by Cork artist Debbie Dawson in *What's In Store?*

Several significant conferences were held. These were organised in conjunction with our Marketing and Education Departments. The most important of these were the Sam Stevenson, War of Independence and the Albert Bender conferences.

The Inventory project continued as did cataloguing of recent acquisitions. Numerous researchers, teachers, students and study groups were facilitated, across the full range of the divisional collections. This is an area of work that has been steadily expanding, as new exhibitions have opened and more material has become accessible. Lectures, gallery talks and open days/nights were provided and staff members contributed to conferences and seminars at home and abroad.

Significant acquisitions during the year included a man's coat by Irish designer, Nicky Wallace, c.1988; a woman's suit of orange boucle wool, designed by Raymond Kenna, 1959; a collection of late 18$^{th}$/ early 19$^{th}$ century Irish glass from Multyfarnham Friary, Co. Westmeath; Arklow Pottery: 1950s/ early1960s; a letter written by Thomas Ashe while in Lewes Prison, as well as a number of items relating to Ashe's funeral – an Autograph book from Tintown Camp, the Curragh; Charles Haughey Military Collection; Horse bones of 'Dickie Bird' (horse from Crimean War); Two Colours of the Liberty Volunteers, 1779; Irish Red Cross Uniform of Thomas Gogarty, a sergeant in the Louth Division, c.1940; collection of Brigadier Gordon Harry Gill of Royal Munster Fusiliers; two chairs, early 1970s, by Gustav Sauter, Kilkenny Design Workshops and a Breakfast suite (table and four chairs) Dublin, 1940s.

Some significant purchases were also made during the year including a Victorian Undress Uniform of an ADC to the Governor General of Ireland; a Statement by Hanna Sheehy Skeffington regarding property taken from her house and from Frank Sheehy Skeffington's body, 1916; a watercolour caricature of competitors, Ballykinlar chess

tournament, 1921; a photograph, P. H. Pearse's surrender to General Lowe, 1916; a copper three gallon measure, Cork, early 19th century; a Neo Celtic carved wooden box, c.1890, based on Lough Erne shrine; a Mahogany dressing table mirror, signed Pat Byrne, Wicklow, 1984; Gilt mirror by John and Edward Booker, Dublin, c.1765 and a pair of gothic revival brass chandeliers from Adare Manor.

A number of purchases were made through the NMI/ Craft Council of Ireland joint purchase fund including a necklace of oxidised silver, gold, and carnelian beads, by Inga Reed; an 18ct gold, opal and diamond pendant necklace by Patrick Flood, goldsmith, c. 2003; a printed cotton furnishing fabric, 1969, produced by the Jack Lenor Larssen company, U.S.A., printed with a neoceltic design inspired by the Book of Durrow; a swatch of glazed cotton furnishing fabric designed by Sybil Connolly for Brunschwig & Fils, 1989; works by Michael Moore, Jack Doherty and Cormac Boydell in ceramics and work by Karl Harron in glass; a Sonja Landweer vase and a silver dish by Aidan Breen, Dublin, chased with views of Collins Barracks.

Divisional staff gave numerous informal tours and talks to diplomatic staff, heads of organisations, curators from other museums and specialists in different fields. Curators spoke on television and radio on exhibitions and subjects within their respective areas of expertise. They also sat as judges and assessors on various committees and judging panels.



*'The Unhappy Judas'* (1913)
by Harry Clarke

# Ealaíon agus Tionscail

Tá an Rannóg Ealaíne agus Tionscail freagrach as níos mó ná ceathrú mhilliún déantán ina bhfuil stair eacnamaíoch, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitiúil agus mhíleata na hÉireann thar na ceithre aois dheireanacha le feiceáil. Comh maith le sin tugann an fhoreann aire do bhailiúcháin ealaíon maisiúla Éireannacha, Eorpacha agus Áiseacha, a thugann le tuiscint conas a bhaineann an dearadh agus an cultúr oirthearach le hÉirinn.

Níor tugadh faoi aon taispeántas mór i 2009 ach ba bhliain ghnóthach agus tháirgiúil í mar sin féin. Chuathas i mbun an chéid tréimhse d'athfheistiú an Ghealaraí Troscáin agus críochnaíodh é nach mór faoi dheireadh na bliana. Deineadh feabhsúcháin bheaga don taispeántas *Mar a Chaitheamar é: 250 Blian d'Éadach agus de Sheodra na hÉireann* agus ceannaíodh cás nua an-shubstaintiúil freisin don taispeántas seo. Méadaíodh an taispeántas *Saighdiúiri agus Taoisigh: Na Gaeil i gCogadh sa Bhaile agus Thar Lear, 1550-2001* le rannóg mhuirí agus bhuaigh sé an duais don Taispeántas ab Fhearr ag na duaiseanna *Músaem na Bliana* i Meitheamh. B'é an taispeántas faoin dteanóir cáiliúil John McCormack, *John McCormack: The life and times of a famous tenor* an t-aon ceann nua. Ba thionscadal beag é seo ach tharla go raibh dúil sármhór ann. D'oscail an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa é i Meán Fómhair. I measc na dtaispeántas níos lú a osclaíodh i rith na bliana bhí páirtathchóiriú den taispeántas *Mar a Chaitheamar é: 250 Blian d'Éadach agus de Sheodra na hÉireann*; léiriú de 'The Unhappy Judas' le Henry Clarke (1913) and gloine dhaite chomhaimseartha le ealaíontóir Debbie Dawson ó Chorcaigh i *Cad atá sa Stór?*

Tionóladh roinnt comhdhálacha suntasacha. Eagraíodh iad seo i dteannta lenár ranna Margaíochta agus Oideachais. B'iad na cinn ba thábhachtaí díobh seo ná na comhdhálacha Sam Stevenson, Cogadh na Saoirse agus Albert Bender.

Lean an tionscnadal Fardail ar aghaidh maraon le catalógú fál deireanach. Éascaíodh cuid mhaith taighdeoirí, múinteoirí, mic léinn agus grúpaí staidéir thar réimse iomlán na mbailiúchán rannach. Seo limistéar oibre atá taréis leathnú go rianúil de réir is a d'oscail taispeántais nua agus d'éirigh níos mó ábhair ar fáil. Soláthraíodh léachtanna, cainteanna gailearaí agus laethanta / oícheanta oscailte agus chuir baill den fhoireann le comhdhálacha agus seimineáir i gcéin is i gcóngar.

I measc na ngnóthaithe suntasacha i rith na bliana bhí cóta fhear le dearthóir Éireannach, Nicky Wallace, c. 1988; culaith éadaigh mná déanta d'olann oráiste bouclé, a dhearaigh Raymond Kenna, 1959; bailiúchán de ghloine Éireannach as deireadh na 18ú / tús na 19ú haoise ó Mhainistir Muilte Farannáin, Co. na hIarmhí; Potaireacht an Inbhir Mhóir: 1950dí / tús na 1960dí; litir a scríobh Thomas Ashe agus é i bPríosún Lewes, chomh maith le roinnt míreanna a bhain le sochraid Ashe – leabhar Síniúchán ó Champa Tintown, Curragh; Bailiúchán Míleata Chathal Uí hEochaidh; cnámha capaill ó 'Dickie Bird' (capall ón gCogadh Criméach); Dhá Dhath ó Óglaigh na Saoirse, 1779; Éide Croise Deirge na hÉireann le Thomas Gogarty, sáirsint i Rannóg na Lú, c. 1940; bailiúchán Briogáidire Gordon Harry Gill ó Reisimint Ríoga na Mumhan; dhá chathaoir, tús na 1970dí, le Gustav Sauter, Ceardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh agus foireann troscáin Bricfeasta (bord agus ceithre chathaoir) Baile Átha Cliath, 1940dí.

Rinneadh roinnt ceannachán suntasacha freisin i rith na bliana a chuimsigh Éide Victeoiriach Díghléasaigh le ADC do Sheanascal Sharstát Éireann; Ráiteas Hanna Sheehy Skeffington maidir le sealúchas a baineadh dá teach agus ó chorp Frank Sheehy Skeffington, 1916; scighphictiúr uiscedhatha d'iomaitheoirí; comórtas fichille Bhaile Coinnleora, 1921; grianghraf, géilleadh P. H. Mhic Phiarais don

Ghinearál Lowe, 1916; tomhas copair trí ghalún, Corcaigh, tús na 19ú haoise; bosca adhmaid snoite Nua-Cheilteach, c. 1890, bunaithe ar shrín Loch Éirne; scáthán chlár maisiúcháin Mahagaine, sínithe ag Pat Byrne, Cill Mhantáin, 1984; scáthán óraithe le John agus Edward Booker, Baile Átha Cliath, c. 1765 agus péire crann solais práis na hAthbheochana Gotaí ó Mhainéar Áth Dara.

Rinneadh roinnt ceannachán trí chiste comhcheannacháin Ard-Mhúsaem na hÉireann / Comhairle Ceardaíochta na hÉireann a chuimsigh muince airgid ocsáidithe, óir, agus coirníní coirnéileacha, le Inga Reed; muince siogairlín óir 18ct, ópalach agus diamaint le Patrick Flood, órcheardaí, c. 2003; éadach troscánaíochta cadáis priontáilte, 1969, a tháirg an chomhlacht Jack Lenor Larssen, U.S.A., priontáilte le dearadh Nua-Cheilteach faoi spreagadh Leabhair Dharú; sampla d'éadach troscánaíochta cadáis glónraithe a dhear Sybil Connolly do Brunschwig & Fils, 1989; oibreacha le Michael Moore, Jack Doherty agus Cormac Boydell i gceirmeacht agus oibreacha le Karl Harron i ngloine; vása Sonja Landweer agus mias airgid le Aidan Breen, Baile Átha Cliath, claisithe le radhairc Dhún Uí Choilleáin.

Thug an fhoireann rannach cuid mhaith turasanna neamhfhoirmiúla agus cainteanna d'fhostaithe taighleoireachta, do cheannaraí eagraithe, d'fheighlithe ó Mhúsaeim eile agus do speisialtóirí i réimsí eile. Labhair coimeádaithe ar an dteilifís agus ar an raidió faoi thaispeántais agus faoi théamaí dár gcuid réimsí saineolais. Shuigh siad freisin mar bhreithimh agus mar mheasúnóirí ar choistí éagsúla agus ar phainéil bhreithe.

# Irish Antiquities

The Division is responsible for the archaeological heritage of Ireland. In addition to managing substantial collections of Ethnographical, Classical and Egyptian material, the staff control and manage over two million archaeological objects.

The most important acquisitions were two gold discs and a gold lunula which were recovered by the Gardaí following a robbery in Strokestown, Co. Roscommon. Two pieces of unprovenanced gold ring money, a Romanesque-style crucifix and a Late Bronze Age hoard from Annagh, Co Roscommon were also acquired. More routine acquisitions included a number of stone axe heads, stone tools of flint and chert, a grinding stone, saddle quern and rubber stone, cross-inscribed grave slab, fragment of a masonry arch stone, bog butter, wooden wheel, wooden spade, brooches, ringed pin, buckles, possible spear butt, musket balls, stirrup, sickle, axe heads, punch, pottery, tiles, coins and a token. A number of ancient burials were reported however an unusual discovery was two ancient right feet discovered in the attic of a house in Dublin. A significant collection of artefacts from Papua New Guinea (and a collection of rare books) was donated.

Work took place to modify and improve five permanent exhibitions (*Prehistoric Ireland*, *Óir – Ireland's Gold*, *Viking Ireland*, *Medieval Ireland*, *the Treasury*). New displays incorporated into the exhibitions included a replica of a medieval sword from Monasterevin; Mesolithic fish traps from Clowanstown, Co. Meath, jadeite axes, and crosiers from Lemanaghan, Co. Offaly. Loans were made to the Ulster Museum, Belfast; Dublinia and the Community Hall, Dunboyne, Co. Meath. Existing loans to Kerry County Museum, Bray Heritage Centre, Corca Dhuibhne Museum and the Classical Museum, UCD were renewed. Loan objects were returned from Cork Public Museum, the Classical Museum, UCD and the Archaeological Museum, Stavanger, Norway. Assistance with the acquisition of archaeological objects found locally was provided to Kerry County Museum, Waterford Treasures Museum, Clare County Museum, Galway City Museum and Tipperary South Riding Museum. Practical assistance, information and advice was tendered to Louth County Museum, Waterford Treasures Museum, Dublinia, Ulster Museum, Cork Public Museum, Cavan County Museum, Athlone Castle Museum, Bray Heritage Centre and the Dublin Wax Museum. The Designated County Museum Liaison Group met to consider matters of mutual interest to the National Museum and the County Museums.

The Irish Antiquities Division undertook fieldwork in Cos. Roscommon, Longford, Waterford, Dublin, Cork, Cavan, Meath, Westmeath, Galway, Laois, and Limerick. Investigations related to the original discovery of a gold lunula and two gold disks stolen subsequently in Strokestown, Co. Roscommon. The find place and discovery circumstances of a number of finds were investigated such as a bronze zoomorphic penannular brooch, Owengallis, Bawnboy, Co Cavan. A bog road at Cloonshannagh, Co. Roscommon was surveyed and recorded as were burials (from Moyveela, Co. Galway and an Early Bronze Age cist burial at Brackloney, Co. Cavan that contained a crouched inhumation and a tripartite bowl).

Fieldwork relating to the commercial archaeological sector included visits to excavation sites, inspection of post excavation facilities of commercial archaeological companies and examination of preferred route options for road schemes. There was consultation and collaboration in relation to infrastructural projects with the National Monuments Service, DoEHLG, NRA, Railway Procurement Authority, Dublin City Council, Bord Gáis and ESB. The Heritage Council Waterway Corridor Studies of the Shannon and sections of the Grand and Royal canals was reviewed. Underwater archaeological matters dealt with related mainly to finds from ship wrecks and finds of ship timbers.



Gold lunula and two gold discs, Coggalbeg, Co. Roscommon. c. 2200-1800 BC

The total number of licenses and consents processed during the year is as follows:
634 Excavation licenses; 53 Dive permits; 91 Metal detecting consent; 41 Geophysical survey consents; 3 Sonar Survey; 24 Ministerial Consents; 4 Ministerial Directions; 500 Licenses to Alter and 304 Licenses to Export.

Preparatory work, such as risk assessment, was undertaken in relation to the National Collections Resource Centre in Swords, Co Dublin. Headland Archaeology Ltd was engaged to report on the quantity, range and condition of archaeological finds and archives in the possession of commercial archaeological companies. '*Advice Notes for Excavators*' was revised and finalised (on documentation, packing and deposition of excavated archaeological objects in National Museum of Ireland).Toxins present in the Ethnographical collection were reported on and the collection was assessed for fire risks. Inventories were made of excavation assemblages and of artefacts in the Conservation Department facilities in Collins Barracks and Lanesborough. Divisional staff worked closely with the Documentation staff engaged in compiling an inventory of the Kildare Street collections.

Assistance was provided to An Garda Síochána in respect of the theft of antiquities and illegal metal detecting. Following representations, a collection of antiquities exported for sale in London, without an export license, was returned. Files under advisement from the Chief State Solicitor's Officer relate to the medieval Kildare Rent Table and two collections of metal detected finds. Irish Antiquities Division officers were members of an Advisory Committee (and various Working Groups) to the Minister of the Environment, Heritage and Local Government on the Review of Archaeological Policy and Practice (and the proposed Amendment and Consolidation of the National Monuments Act).A detailed review was undertaken of the operations of the Irish Antiquities Division, with regards to licensing (Horwath Consulting Ireland Ltd).

Divisional staff continued to work on the following research projects Unpublished Burials project; Faddan More Psalter; Bog Body Project, Iron Spearheads and Viking Graves Project. A researcher was contracted to develop a strategy to publish the Loughcrew and Lough Gara excavations (undertaken by former Director Joseph Raftery).

Access to the reserve collections and archives was provided for over 268 researchers and students. Assistance was provided to external research projects including INSTAR projects (funded by the Heritage Council); Discovery Programme; NRA Ballyhanna Project, National Museums of Scotland (gold find and faience, jet and related materials project); Rijksuniversiteit, Groningen, Netherlands. (dating of Late Bronze Age shields); Sligo Field Club (archaeological resources for Co. Sligo); Institute of Advanced Studies (laser scanning of Ogham stones); Irish Cave Project. 23 interns received training and 17 Transition year Students were accommodated with work experience placements.

Staff represented the NMI on the Archaeology Committee of the Royal Irish Academy, Knowth Publication Steering Group, Excavation Licence Interview Panel, Bord na Móna Liaison Group, Archaeology Working Group of the South Dublin County Heritage Plan (South Dublin County Council), Louth County Museum Steering Committee, Council of the Discovery Programme, Board of NMI (staff member), Advisory Committee to the Minister of the Environment, Heritage and Local Government on the Review of Archaeological Policy and Practice (and Working Groups).

Staff responded to a wide range of queries, lectured widely at conferences, third level colleges, and to local societies throughout the country. Staff attended various training courses, seminars and conferences and published a number of papers on aspects of the collections.

# Seaniarsmaí Éireann

Tá an Rannóg freagrach as oidhreacht sheandálaíochta na Éireann. Comh maith le bailiúcháin shubstaintiúla d'ábhar Eitneagrafaíoch, Clasaiceach agus Éigipteach a bhainistiú, riarann agus bainistíonn an fhoireann níos mó ná dhá mhilliún réad seandálaíochta.

B'iad na fálacha ba thábhachtaí ná dhá dhiosca óir agus luanla óir a fuair na Gardaí ar ais taréis robála i mBéal na mBuillí, Co. Ros Comáin. Fuarthas freisin dhá phíosa d'airgead fáinne óir nach bhfiostar cár as iad, cros chéasta den stíl Rómhánúil agus taisce na Cré-umhaoise Déanaí ó Annagh, Co. Ros Comáin. Chuimsigh fálacha níos gnátha líon de chinn tua cloiche, uirlisí cloiche as breochloch agus seirt, cloch mheilte, bró dhiallaite agus cloch rubair, leac uaighe chrosghreanta, blogh de chloch stua shaoirseachta, im portaigh, roth adhmaid, sluasaid adhmaid, bróistí, biorán fáinneach, búclaí, bos sleá fhéideartha, liathróidí muscaeid, stíoróip, corrán, cinn tua, puins, potaireacht, tíleanna, boinn agus éarlais. Tuairiscíodh roinnt adhlacthaí ársa, ach fionnachtain neamhghnách áfach ab ea dhá chos ársa ar dheis in áiléar theach i mBaile Átha Cliath. Deonadh bailiúchán suntasach de dhéantáin ó Nua-Ghuine Phapua (agus bailiúchán de leabhair uathúla.

